An Coimisiún Eorpach

#SOTEU

STAID AN AONTAIS

2020

Na príomhthionscnaimh

16 Meán Fómhair 2020

Sláinte

- Tograí reachtacha maidir le **Gníomhaireacht Eorpach nua um Ard-Taighde Bithleighis agus Fhorbairt** a bhunú
- Togra reachtach maidir le síneadh a chur le sainordú na **Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**
- Togra reachtach maidir le síneadh a chur le sainordú an **Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú**
- **Inniúlachtaí sláinte le haghaidh an Aontais** a phlé sa **Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**

Comhaontú Glas don Eoraip

- Athbhreithniú ar Scéim an Aontais i **ndáil le Trádáil Astaíochtaí**
- **Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill**
- Athbhreithniú ar an **Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite**, an **Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh** agus an **Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh**
- Athbhreithniú ar an **Rialachán maidir le hAstaíochtaí agus Aistrithe Gás Ceaptha Teasa** ó Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht
- Togra reachtach chun aghaidh a thabhairt ar **astaíochtaí meatáin san earnáil fuinnimh**, athbhreithniú ar an gcreat rialála maidir le **margaí gáis dícharbónaithe iomaíocha** agus athbhreithniú ar an **Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh**
- Athbhreithniú ar an Treoir maidir le **Córais Chliste Iompair** agus an Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha a Chur in Úsáid
- Athbhreithniú ar an Rialachán lena leagtar síos **caighdeáin feidhmíochta astaíochta CO_2** le haghaidh carranna agus feithiclí tráchtála éadroma agus togra reachtach maidir le caighdeáin astaíochtaí iar-Euro 6/VI a fhorbairt le haghaidh carranna, veaineanna, leoraithe agus busanna
- Togra reachtach le haghaidh **tionscnamh beartais maidir le táirgí inbhuanaithe**

© Adobe Stock

- **“Lárionaid Hidrigine Eorpacha“**
- **“Rabharta Athchóirithe Eorpach”**
- **1 mhilliún** pointe luchtaithe leictreach
- An **Bauhaus Eorpach** nua

Molaimid **laghdú** nach lú ná

55 %

a chur ar **astaíochtaí** faoin mbliain 2030

Is trí bhannaí glasa a chruinneofar

30 %

den **EUR 750 billiún** de chuid **#NextGenerationEU**



Is ar chuspóirí an **Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip** a chaithfear

37 %

den airgead a chuirfear ar fáil trí **#NextGenerationEU**

Cúrsaí sóisialta, an Margadh Aonair, Schengen

- Teachtaireacht maidir leis an **straitéis nua tionsclaíochta don Eoraip** a thabhairt cothrom le dáta
- Straitéis maidir le **Todhchaí Schengen**
- Togra reachtach atá le teacht maidir le creat chun **íosphá** a chur ar bun

Deacáid Dhigiteach na hEorpa

- Togra reachtach maidir le **ríomhaitheantas Eorpach** iontaofa slán
- Déanfar **20% de NextGenerationEU** a infheistiú sa réimse digiteach
- **Nascacht sonraí** i gceantair thuaithe
- Creat rialála maidir leis an **Intleacht Shaorga**
- **Néal Eorpach** (bunaithe ar GaiaX)
- **Micreaphróiseálaí Eorpach** den chéad ghlúin eile

Déanfaimid

EUR 8 mbilliún

a infheistiú sa chéad ghlúin eile de **shár-ríomhairí**

Imirce/Smacht Reachta/Éagsúlacht

- **Comhshocrú um Imirce agus Tearmann**
- Togra maidir le liosta an Aontais de choireanna a leathnú chun gach cineál **fuathchoireachta agus fuathchainte a chumhdach**
- **Comhordaitheoir frithchiníochais**

Domhanda

- **Gníomh Eorpach Magnitsky**
- Togra maidir le **tobhach digiteach**
- Togra maidir le **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha**
- **Pacáiste Eacnamaíoch agus Infheistíochta le haghaidh na mBalcán Thiar**
- Comhghuaillíochtaí ard-uaillmhéine maidir le saincheisteanna, cuir i gcás **an eitic dhigiteach** nó **dífhoraoisiú a chomhrac**
- Iarrachtaí a stiúradh chun **Limistéir Mhuirí faoi Chosaint in Antartaice** a ainmniú

© An tAontas Eorpach, 2020
Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar creidiúint chuí agus go léirítear na hathruithe a dhéantar. (Ceadúnas idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun gnéithe nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin.
Gach íomhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt.

Print ISBN 978-92-76-21758-9 doi:10.2775/77785 NA-02-20-690-GA-C
PDF ISBN 978-92-76-21730-5 doi:10.2775/548855 NA-02-20-690-GA-N